




**Comhairle na mBreithiúna**  
**The Judicial Council**

**Tuarascáil Bhliantúil**

**2020**



Barr feabhais agus neamhspleáchas  
breithiúnach a chur chun cinn le  
muinín an phobail sna breithiúna agus  
i riar an chirt in Éirinn a chinntiú



## CLÁR AN ÁBHAIR

---

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH	4
RÉAMHRÁ AN RÚNAÍ EATRAMHAIGH	6
ATHBHREITHNIÚ AR 2020	8
CLÁR AMA EOCHAIR-IMEACHTAÍ REACHTÚLA	9
MAIDIR LE COMHAIRLE NA mBREITHIÚNA	10
BUNÚ	12
AN CHÉAD CHRUINNIÚ DE CHUID CHOMHAIRLE NA mBREITHIÚNA	13
AN BORD	14
AN COISTE UM STAIÉAR BREITHIÚNACH	16
AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA	19
AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS	22
AN COISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH	25
NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH	28
AG BREATHNÚ AR AGHAIDH GO 2021	30

## RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

---



Is cúis mhór áthais dom an tuarascáil tionscnaimh seo a lainseáil ag tabhairt breac-chuntas ar obair Chomhairle na mBreithiúna le linn agus díreach roimh 2020. Táthar ag súil go leagfaidh an tuarascáil seo

béim ar na garspriocanna tábhachtacha sa tréimhse sin agus, leis an bpobal á chur ar an eolas maidir le céimeanna dearfacha na Comhairle, táthar ag súil le muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an chirt a chur chun cinn.

Thóg sé na blianta fada comhairle dá leithéid seo a chur ar bun in Éirinn. Tá sé 25 bliain anois ó mhol Tuarascáil 1996 de chuid an Ghrúpa Athbhreithnithe Bunreachtá "...gur cheart do bhreithiúna iad féin iompar breithiúnach a rialáil laistigh de chreat reachtach a chuimsíonn na cúirteanna go léir" agus mhol an "Séú Tuarascáil de chuid an Ghrúpa Oibre ar Choimisiún na gCúirteanna" ansin go mbunóidh an Príomh-Bhreitheamh coiste "chun comhairle a thabhairt agus chun an bealach a ullmhú, má chinntear go bhfuil sé iomchuí, chun foras breithiúnach a bhunú a chuirfeadh le hardchaighdeán iompair bhreithiúnach agus a bhunódh córas chun gearáin faoi iompar breithiúnach a láimhseáil". Ba ócáid thábhachtach stairiúil í mar sin nuair a chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tús leis an Acht um Chomhairle na mBreithiúna i mí na Nollag 2019. Chruthaigh sé seo foras foirmiúil den chéad uair ar a raibh breithiúna uile na hÉireann.

Ach bealaí a chruthú chun oideachas agus oiliúint bhreithiúnach a fheabhsú, chun eitic bhreithiúnach a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, bearta a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhsheasmhacht a mhéadú agus, go tábhachtach, chun tacaíocht a sholáthar do bhreithiúna i ról a bhíonn an-dúshlánach go minic, is féidir le Comhairle na mBreithiúna páirt ríthábhachtach a ghlacadh chun barr feabhais breithiúnach a chur chun cinn in Éirinn.

Cuid lárnach d'fheidhmeanna na Comhairle is ea muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an chirt sa tír seo a chur chun cinn agus a choinneáil. Is ríthábhachtach an barr feabhais breithiúnach chun an sprioc seo a bhaint amach. Mar Chathaoirleach ar Bhord na Comhairle, chonaic mé an bealach ar ghlac na breithiúna le fíis Chomhairle na mBreithiúna trí rannpháirtíocht lena cláir oibre agus éachtaí suntasacha a coistí ina gcéad bhliain. Bhí baint ghníomhach ag an mBord, na coistí agus go deimhin ag go leor breithiúna ina n-aonair le tacú le Comhairle na mBreithiúna in 2020 agus táim buíoch as rannpháirtíocht agus as tiomantas mo chomhghleacaithe.

Cuimsíonn feidhmeanna na Comhairle treoirlínte a sholáthar chun cabhrú le breithiúna cinntí comhsheasmhacha a dhéanamh maidir le dámhachtainí díobhálacha pearsanta agus pianbhreitheanna a ghearradh. Cuirfidh foilsíú na dtreoirlínte seo in am trátha an pobal ar an eolas freisin. Maidir leis na réimsí seo, bhunaigh mé Coiste Ainmnithe um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ag deireadh 2019 chun tús a chur le hobair ar Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a dhréachtú, a thug an coiste reachtúil chun

críche i mí na Nollag 2020. I mí an Mheithimh d'ainmnigh mé an t-ochtar ball breithiúnach atá ar an gCoiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, ar tháinig na baill thuata a d'ainmnigh an Rialtas leo i mí Iúil, agus tá obair leathan agus thar a bheith suntasach an choiste sin ar siúl anois.

Aithníodh le fada nach bhfuil córas in Éirinn chun gearán a dhéanamh agus chun déileáil leis maidir le hiompar breithimh ná córas chun iompar breithiúnach a chur chun cinn go ginearálta mar bhearna i bhfreagracht agus i dtrédhearcacht bhreithiúnach. Trí obair a Coiste um Iompar Breithiúnach, tá an Chomhairle ag forbairt tacar treoirínite chun iompar breithiúnach agus eitic a rialú agus nósanna imeachta a dhréachtú chun gearáin a dhéanamh, lena n-áirítear torthaí mí-iompair a bhainistiú. Ó bunaíodh an coiste i mí Iúil cuireadh obair sa réimse seo chun cinn in 2020 agus tabharfar na treoirínite sin chun críche lena mbreithniú ag Bord na Comhairle sa chéad leath de 2021 agus glacfaidh an Chomhairle féin leo sa deireadh.

B'fhéidir gurb é an réimse ina bhfeicfidh breithiúna an tairbhe is mó maidir le tacú le comhlíonadh a bhfeidhmeanna ná trí na meicníochtaí éagsúla tacaíochta atá beartaithe ag an Acht. Is é an ceann is suntasaí díobh seo ná saoráid thiomnaithe foghlama agus forbartha a chruthú do na breithiúna. Is fada a bhreathnaíomar go géar ar na tairiscintí sa réimse seo a chuirtear ar fáil i ndlínsí comharsanacha agus tá lúcháir orm a rá go bhfuil Éire anois tar éis clár oideachais a phleanáil, a thógáil agus a chur i bhfeidhm do bhreithiúna, clár atá oiriúnach don fheidhm. Déanann an Coiste um Staidéar

Breithiúnach maoirseacht ar an bhfeidhm agus tá Breitheamh Ard-Chúirte i gceannas ar chúrsaí oibríochta.

Ní fhéadfaí na héachtaí luatha agus na garspriocanna a sroicheadh in 2020 a bhaint amach gan an tacaíocht riaracháin a cuireadh ar fáil don Chomhairle, don Bhord agus do na coistí agus an bonneagar a forbraíodh don fhoras poiblí seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun meas na Comhairle ar an obair seo a thairfeadh tríd an Rúnaí Eatramhach agus a fhoireann. Thapóinn an deis freisin aitheantas a thabhairt do na ranníocaíochtaí a rinne baill thuata na gcoistí chomh maith le foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus na Roinne Dlí agus Cirt.

Agus mé ag féachaint go 2021 agus ina dhiaidh sin, táim muiníneach go leanfaidh an Chomhairle, le tacaíocht leanúnach ó chomhaltaí de chuid Chomhairle na mBreithiúna agus a foireann, ag comhlíonadh a cuspóirí agus ag forbairt a cumais. Is go cruá a thuilltear muinín agus meas an phobail agus caithfear iad a choinneáil nuair a bhaintear amach iad. Cuirfear muinín an phobail sna Breithiúna agus i riar an chirt in Éirinn chun cinn agus déanfar iad a choinneáil ach Comhairle na mBreithiúna rathúil a chur ar fáil.



**Frank Clarke, Príomh-Bhreitheamh**  
Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna  
Meitheamh 2021

## RÉAMHRÁ AN RÚNAÍ EATRAMHAIGH

---



Is mór an phribhléid dom an chéad Tuarascáil Bhliantúil ó Chomhairle na mBreithiúna a chur i láthair don bhliain 2020, an chéad cheann, agus dá bhrí sin, ceann stairiúil. Is tortha na mblianta ag

pleanáil é teacht Chomhairle na mBreithiúna agus is forbairt thábhachtach í do bhreithiúna na hÉireann agus d'Éirinn í féin. Ba mhór an sásamh dom a bheith bainteach le go leor de na bunchlocha a thógáil do Chomhairle na mBreithiúna in Éirinn agus a bheith ag obair leis na breithiúna ar a n-éachtaí luatha.

Tá freagracht agus dúshlán shuntasacha ag baint leis an deis spreagúil seo chun tacú leis na breithiúna foras a fhorbairt a cruthaíodh chun a gcumas a fheabhsú. Is tionscadal náisiúnta tábhachtach é seo atá ag brath go mór ar thacaíocht láidir riaracháin. Maidir le breithiúna, níor tháinig laghdú ar bith ar a ról lárnach laethúil maidir le ceart a riar sna cúirteanna le bunú na Comhairle, agus mar sin tá freagracht shuntasach ar fhoireann riaracháin na Comhairle forbairt na sruthanna oibre seo a éascú sa toadhcháil.

Glactar le agus tá súil le soláthar na ndeiseanna tacaíochta agus forbartha a bhfuil taithí orthu ag gach duine againn atá ag obair sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí mar chuid dhílis dár bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta. Ní raibh cur chuige agus struchtúr dá leithéid seo ar fáil den chuid is mó do bhreithiúna go dtí seo. Tá na tacaíochtaí sin, idir phearsanta agus theicniúil, á gcur ar fáil

anois ag Comhairle na mBreithiúna agus leanfar á gcur i bhfeidhm i gcónaí, ag feabhsú feidhmíocht bhreithiúnach agus mar thoradh air sin, ag feabhsú mhuintín an phobail i riar an chirt in Éirinn. Soláthraítear na bealaí chun é seo a bhaint amach le feidhm thiomnaithe foghlama agus forbartha, meicníocht chun gearán a dhéanamh faoi iompar breithimh agus treoirlínte a sholáthar chun cabhrú le breithiúna cinnteoireacht chomhsheasmhach a dhéanamh.

Bhí dúshlán éagsúla ag baint leis seo a éascú agus foras poiblí nua á thógáil ón mbonn aníos. Ba luachmhar an taithí a roinn daoine eile a raibh an bóthar céanna siúlta acu cheana féin. Tar éis dom teagmháil a dhéanamh le ceannairí i gcomhlachtaí eile sna hearnálacha poiblí agus dlí, is mór agam a dtoilteanas iontach a gcuid léargas féin a roinnt. Bhí an eagna a roinn siad go fial chun cabhrú le sárú a dhéanamh ar an iliomad bac a bhí ann ar cheann de na cuimhní is mó atá agam den chéad bhliain den Chomhairle. Táim buíoch freisin do chomhghleacaithe sa tSeirbhís Cúirteanna agus sa Roinn Dlí agus Cirt. Le linn na dtrí mhí sular bunaíodh an Chomhairle ar an 17 Nollaig 2019, rinne oifigigh sa dá fhoras obair shuntasach chun cabhrú leis an gComhairle a bhunú. Leanann an comhar sin ar aghaidh agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don chúnamh uathu siúd atá i gceist. Gabhaim buíochas freisin le breithiúna agus oifigigh ar fud dhlínsí na RA agus forais breithiúnacha Eorpacha a chuir iad féin ar fáil chun a struchtúir agus a gcur chuige féin a phlé, go háirithe a bhfeidhmeanna oiliúna breithiúnacha.

Bhí clár oibre gnó na Comhairle do 2020 ag brath go mór ar na dúshlán a tháinig aníos

nuair a bunaíodh an Chomhairle i mí na Nollag 2019. Chuir an tOrdú Tosaithe tús le comharbas tréimhsí reachtúla, a rith le linn na bliana ar fad. Ba é an príomhdhúshlán ó thaobh riaracháin de ná an gá le tacaíocht a thabhairt d'obair choistí reachtúla uile na Comhairle d'fhonn cloí leis na spriocdhátaí sin, ag tógáil an bhonneagair ag an am céanna chun feidhmeanna fadtéarmacha na Comhairle a fhorbairt, agus ag oiriúnú go tapa don timpeallacht oibre ar líne a d'éiligh paidéim COVID. Is cosúil go mbíonn dúshlán gan choinne ag go leor forais phoiblí nuathionscanta agus b'ionann an taithí a bhí ag an gComhairle. Cé go bhfuil obair shuntasach le déanamh go fóill, ní hé sin le rá nach bhfaca an Chomhairle rath cheana féin ina céad bhliain iomlán ar an bhfód.

Ba é an rath riaracháin ba mhó ná an clár oibre dúshlánach sin a chomhlíonadh i saol nua na cianoibre agus le ball foirne amháin, agus táim an-bhuíoch as tiomantas agus as díograis an duine sin ar son Chomhairle na mBreithiúna. Baineadh amach ár gcuspóirí reachtúla go léir agus cuireadh go leor de na bunchlocha i bhfeidhm, lena n-áirítear trí fhorbairt an tsuímh ghréasáin, soláthar seirbhísí agus sainaitheint agus comhaontú struchtúr agus riachtanas foirne. Go háirithe, bhí garspriocanna tábhachtacha le feiceáil in 2020 ag tacú le teacht chun cinn chur chuige nua maidir le hoiliúint bhreithiúnach agus bailchríoch a chur ar na dréacht-Treoirilínte maidir le Díobhálacha Pearsanta.

Baineann an Chomhairle leas as Bord atá antacúil agus an-ghníomhach, chomh maith le hionchur luachmhar ó na breithiúna atá ina gcathaoirligh ar agus a bhíonn ag fónamh ar gach ceann de na coistí. Go deimhin, gach

ball den Chomhairle a chuir go haonair le hobair na Comhairle go dtí seo, chuir sé lena forbairt. Is a bhuí le hiarracht na foirne go léir chun Comhairle na mBreithiúna a fhorbairt go rathúil a raibh breithiúna in ann cuspóirí na Comhairle a sheachadadh ar fud na ndlínsí go léir agus iad ag obair le chéile. Chuir an saineolas, an taithí agus an rannpháirtíocht a thairgeann na baill thuata a d'ainmnigh an Rialtas do dhá cheann de na coistí leis seo go dearfach. Táthar ag súil go mbaillfimid leis na baill thuata sin go pearsanta i ndeireadh na dála den chéad uair in 2021.

Agus muid ag féachaint go dtí 2021, d'fhéadfadh go mbeadh cuma uafásach ar mhéid na ndúshlán atá fágtha ach, agus muid ag machnamh ar an méid atá curtha ar fáil againn cheana féin, is léir go mbeidh buntáistí móra ann mar thoradh ar na bunchlocha a cuireadh i bhfeidhm in 2020. Déanfaidh earcú foirne, áitribh a dhaingniú agus feidhm neamhspleách TFC (teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide) a chruthú in 2021 an chéad chéim eile do Chomhairle na mBreithiúna a léiriú.



**Kevin O'Neill**

Rúnaí Eatramhach ar Chomhairle na mBreithiúna  
Meitheamh 2021

## FORLÉARGAS AR 2020



**DRÉACHT AR  
THREOIRLÍNTE  
MAIDIR LE  
DÍOBHÁLACHA**



**AN CHÉAD  
CHRUINIÚ  
COMHAIRLE DE  
**145**  
BREITHIÚNAS**



**BUNÚ  
AN CHOISTE UM  
PIANBHREITHEANNA**



**SUÍOMH GRÉASÁIN  
judicialcouncil.ie**




**OILIÚINT  
BHREITHIÚNACH AGUS  
STIÚRTHÓIR AR  
STAIÉAR  
BREITHIÚNACH**



**TOGHCHÁIN  
BHREITHIÚNACHA**



**BUNÚ  
AN CHOISTE  
UM IOMPAR**



**TOSAÍONN  
AN OILIÚINT  
BHREITHIÚNACH  
Ó CHIAN**



**LÍONRAÍ  
BREITHIÚNACHA  
IDIRNÁISIÚNTA  
LEATHNAITHE**



**TACAÍOCHT  
BHREITHIÚNACH  
AGUS LEAS**

**IONDUCHTÚ  
TRAS-DLÍNSIÚIL  
DO GACH  
BREITHEAMH  
NUA**



**ÁR  
SPRIOCANNA  
REACTÚLA  
BAINTE**



## CLÁR AMA EOCHAIR- IMEACHTAÍ REACHTÚLA

---

<b>NOLLAIG 2019</b>	Bunú Chomhairle na mBreithiúna
<b>FEABHRA 2020</b>	An Chéad Chruinniú de chuid na Comhairle Toghcháin don Bhord agus do na Coistí Tacaíochta Dlíníúla Bunú an Choiste um Staidéar Breithiúnach Bunú na gcúig Choiste um Thacaíocht Bhreithiúnach
<b>MÁRTA 2020</b>	An Chéad Chruinniú de chuid an Bhoird
<b>AIBREÁN 2020</b>	Bunú an Choiste um Threoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta
<b>BEALTAINE 2020</b>	An Chéad Chruinniú de chuid an Choiste um Threoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta
<b>MEITHEAMH 2020</b>	Toghcháin don Choiste um Iompar Breithiúnach Bunú an Choiste um Threoirínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas Bunú an Choiste um Iompar Breithiúnach
<b>IÚIL 2020</b>	An Chéad Chruinniú de chuid an Choiste um Threoirínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas An Chéad Chruinniú de chuid an Choiste um Iompar Breithiúnach
<b>NOLLAIG 2020</b>	Seoladh Dréacht-Treoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta chuig Bord na Comhairle

---

## MAIDIR LE COMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

---

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais Comhairle na mBreithiúna de bhun an Achta um Chomhairle na mBreithiúna 2019 (“an tAcht”) ar an 17 Nollaig 2019 de bhun Alt 5 den Acht. Is foras neamhspleách é a bhfuil a chomhaltaí uile ina mbreithiúna in Éirinn. Tá raon iomlán fheidhmeanna na Comhairle leagtha amach in Alt 7 den Acht. Comhlíonann Bord a lán d’fheidhmeanna na Comhairle agus tá tuilleadh faisnéise faoin mBord sin ar fáil ar leathanaigh 14 agus 15.

Tagann fíis Chomhairle na mBreithiúna ó Alt 7 agus tá sí bunaithe i seachadadh chomhpháirteanna gach ceann dá ceithre chuid lárnacha. Is féidir sainchúram reachtúil na Comhairle a achoimriú mar seo a leanas:

1. Foras neamhspleách forásach a thógáil ar mhaithe le breithiúna neamhspleácha
2. Barr feabhais a sheachadadh trí fheidhmeanna tiomnaithe oiliúna agus tacaíochta breithiúnaí, lena n-áirítear treoir atá le fáil i dtreoirínte maidir le díobhálacha pearsanta agus pianbhreitheanna
3. Feidhm a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar ardchaighdeáin iompair bhreithiúnaigh
4. Muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an chirt in Éirinn a bhaint amach

Mar chuid lárnach de luachanna Chomhairle na mBreithiúna tá na croíluachanna breithiúnacha seo a leanas:

- Neamhspleáchas
- Neamhchlaontacht
- Ionracas

- Cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis)
- Inniúlacht agus dúthracht
- Caitheamh comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna.

Tá feidhmeanna sainiúla ag an gComhairle lena n-áirítear glacadh le agus foilsiú a leanas:

- Treoirínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach,
- Dréacht-Treoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus cur chun cinn tuisceana i measc breithiúna ar na prionsabail a rialaíonn measúnú agus dámhachtain damáistí as díobhálacha pearsanta,
- Treoirínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus cur chun cinn tuisceana maidir le prionsabail phianbhreitheanna.

Chomh maith leis na feidhmeanna seo, tá ról níos ginearálta ag an gComhairle cumarsáid a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú le forais a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna a cheaptar i gcúirteanna lasmuigh d’Éirinn agus forais idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna.

Féadfaidh Bord na Comhairle nó coistí na Comhairle go leor de na feidhmeanna a chomhlíonadh, cé nach féadfaidh ach an Chomhairle amháin glacadh leis na treoirínte dá dtagraítear roimhe seo. Ní mór go dtabharfaí Comhairle na mBreithiúna le chéile uair sa bhliain. Is é an Príomh-Bhreitheamh cathaoirleach na Comhairle.

---

Is é Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna a bhainistíonn tacaíocht riaracháin don Chomhairle, agus tuairiscíonn seisean/sise don Bhord i ndáil le comhlíonadh a f(h) eidhmeanna agus tugann sé/sí cuntas don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do choistí eile an Oireachtais maidir le cuntais agus riarachán ginearálta na Comhairle. Maoinítear an Chomhairle ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt.

### **Comhairle na mBreithiúna in 2020**

Tháinig an bonneagar atá mar bhonn leis an gComhairle chun cinn in 2020 chun tacú le go leor de na feidhmeanna a leagtar amach, agus i gcás na ndrúacht-Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, meastar go dtabharfar an obair seo chun críche in 2021.

Agus é riachtanach chun foras neamhspleách forásach a thógáil do bhreithiúna neamhspleácha forásacha, ba é an chéad chuspóir ná an bonneagar seo a chruthú. I measc na réimsí seo tá soláthar foirne, TFC agus cóiríocht. I rith na bliana chuir an tSeirbhís Cúirteanna beirt bhall foirne na Comhairle ar fáil agus thacaigh siad lena riachtanais TFC agus chóiríochta. Maidir le líon na mball foirne a leathnú, thacaigh an Roinn Dlí agus Cirt le cás gnó na Comhairle don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cead a fháil ochtar ball foirne san iomlán agus Rúnaí na Comhairle a fháil.

Rinne conraitheoir riachtanais TFC na Comhairle a shainaithint agus tá súil ag an gComhairle aistriú chuig seirbhís neamhspleách bhainistithe in 2021. Forbraíodh suíomh gréasáin mar thosaíocht phráinneach go luath in 2020 chun comhéadan láithreach a sholáthar don phobal chun rochtain a fháil ar eolas faoi obair na Comhairle.

Is féidir riachtanais chóiríochta na Comhairle a chomhlíonadh ina suíomh reatha i dTeach Cúirte Shráid na Faiche agus táthar ag súil go dtabharfar comhaontú maidir le comhúsáid an fhoirgnimh chun críche in 2021.

Ceann de phríomhchuspóirí na Comhairle is ea muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an chirt a fháil. Is bealach tábhachtach le go n-éireoidh leis an gComhairle sa réimse seo ná forbairt leanúnach straitéis cumarsáide dírithe chun an pobal a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn feidhmeanna na Comhairle i gcoitinne agus chun léargas a thabhairt freisin ar ról na mbreithiúna.

Is tiomantas do dhea-rialachas é an bonn agus taca atá le hobair uile na Comhairle. In 2020, fuair an Chomhairle seirbhísí dlí agus cuntasaoíochta gairmiúla chun í a threorú sna réimsí seo agus chun cabhrú léi na cláir oibre éagsúla a theastaíonn chun na leibhéil chuí cinnteachta a sholáthar a aithint.

Tá an obair a rinneadh in 2020 chun na feidhmeanna foghlama agus forbartha agus tacaíochta breithiúnaí agus na Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Díobhálacha Pearsanta a fhorbairt leagtha amach go mion sa Tuarascáil Bhliantúil seo faoi Thuarascálacha na gcoistí iomchuí, mar aon le forbairt an chórais um iompar breithiúnach.

## BUNÚ CHOMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

Ba é an chéad chéim shuntasach tar éis an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna a rith i mí Iúil 2019 ná dáta a roghnú chun an Chomhairle a bhunú. Rinne oifigigh ón gComhairle, ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón tSeirbhís Cúirteanna an obair ullmhúcháin, agus i gcomhar leis an bPríomh-Bhreitheamh, roghnaíodh an 17 Nollaig 2020 mar dháta bunaithe Chomhairle na mBreithiúna.



*Síníonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tOrdú um Thosach Feidhme i láthair an Phríomh-Bhreithimh*

*Ag searmanas sna Ceithre Cúirteanna ar fhreastail Uachtaráin na Cúirte, an tArd-Aighne agus oifigigh ón gComhairle, ón tSeirbhís Cúirteanna agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais air, shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Charlie Flanagan TD an tOrdú um Thosach Feidhme i láthair an Phríomh-Bhreithimh. Ba é seo bunú na Comhairle, agus b'ócáid stairiúil do na breithiúna in Éirinn agus don stát é.*

*Thug an tAire faoi deara ag ócáid an bhunaithe gur “ócáid shuntasach i stair ár Stáit é bunú Chomhairle na mBreithiúna”.*

Leag an Príomh-Bhreitheamh misean na Comhairle amach, ag rá

***“Is í príomhfheidhm Chomhairle na mBreithiúna ná muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an chirt a chur chun cinn agus a choinneáil: tá sé seo idirspiléach le comhlíonadh fheidhmeanna eile uile na Comhairle”.***

Anuas ar thábhacht stairiúil an 17 Nollaig 2019, bhí an dáta seo suntasach freisin agus airde á tabhairt ar chomhaireamh síos go roinnt spriocdhátaí reachtúla. Foráiltear leis an Acht um Chomhairle na mBreithiúna go dtosóidh sraith thréimhsí éigeantacha a luaithe a shínigh an tAire an tOrdú um Thosach Feidhme. Dhíreodh an tréimhse sin dianchlár oibre na Comhairle don chuid is mó de 2020.



*(ó chlé go deas:) An Breitheamh Onórach Peter Kelly, Uachtarán na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Patricia Ryan, Uachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Onórach Frank Clarke, an Príomh-Bhreitheamh, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tUasal Charlie Flanagan TD, an Breitheamh Onórach George Birmingham, Uachtarán na Cúirte Achomhairc, an Breitheamh Colin Daly, Uachtarán na Cúirte Dúiche*

## AN CHÉAD CHRUIINIÚ DE CHUID CHOMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

Tionóladh an chéad chruinniú stairiúil de chuid Chomhairle na mBreithiúna ar an 7 Feabhra 2020 i mBaile Átha Cliath ag Óstaí an Rí, laistigh den chreat ama trí mhí dá bhforáiltear san Acht. D'fhreastail 145 de bhreithiúna na tíre ar an gcruinniú.



*Labhraíonn an Príomh-Bhreitheamh le Comhairle na mBreithiúna.*

D'oscail an Príomh-Bhreitheamh an cruinniú agus tar éis dó labhairt leis an gComhairle i dtaca le ról an fhorais nua maidir le neamhspleáchas breithiúnach a dhearbhu, rinne sé cur síos ar thábhacht shainchúram na Comhairle:

***“...is gné ríthábhachtach é meas an phobail ar na breithiúna chun riail an dlí a chaomhnú. Ach bealaí a chruthú chun oideachas agus oiliúint bhreithiúnach a fheabhsú, chun eitic bhreithiúnach a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, bearta a chur i bhfeidhm atá deartha chun comhsheasmhacht a mhéadú agus, go tábhachtach, chun tacaíocht a thabhairt do bhreithiúna i ról a bhíonn an-dúshlánach go minic, is féidir le Comhairle na mBreithiúna páirt ríthábhachtach a ghlacadh chun an barr feabhais atá uainn go léir a chur chun cinn”.***



*Comhairle na mBreithiúna ag a céad chruinniú*

Rinne an tAcht foráil do roinnt imeachtaí a bhí le tarlú ag an gcruinniú. Tionóladh toghcháin chun ceapacháin a dhéanamh ar an mBord agus ar roinnt de Choistí na Comhairle. Bhí sé tábhachtach gur ainmnigh comhaltaí na Comhairle ag an gcruinniú na dátaí óna mbeadh gach ceann dá coistí i bhfeidhm agus an dáta don chéad chruinniú de Bhord na Comhairle. Ba é tábhacht na ndátaí seo ná gur thosaigh na teorainneacha ama reachtúla chun roinnt d'fheidhmeanna na Comhairle a chomhlíonadh ag an am seo, rud a chuir plean oibre suntasach do 2020 agus ina dhiaidh sin in iúl.

## AN BORD

---

Tá 11 bhreitheamh ar Bhord Chomhairle na mBreithiúna agus leagann an tAcht an bunús atá lena gceapachán:

- Is comhaltaí *ex officio* iad an Príomh-Bhreitheamh agus na ceithre Uachtarán Cúirte
- Toghann a gcomhghleacaithe breitheamh amháin as gach ceann de na cúig dhlínse
- Toghtar breitheamh amháin de réir an Achta (ón gCúirt Uachtarach go dtí 2024)

Mairfidh gach téarma ballraíochta tofa agus comhthofa ar feadh thréimhse 4 bliana. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an Bhoird do 2020 leagtha amach ar an leathanach seo a leanas.

### Feidhmeanna an Bhoird

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 11 den Acht.

Comhlíonann an Bord feidhmeanna na Comhairle thar ceann na Comhairle de réir treoracha (más ann dá leithéid) a d'fhéadfadh an Chomhairle a thabhairt don Bhord.

Go ginearálta, déanann an Bord—

beartas a mheas agus a chinneadh maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle agus déanann sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an Rúnaí.

Tá ról tábhachtach reachtúil aige freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a leanas:

- dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, agus

- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a d'ullmhaigh an Coiste sin

- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, agus

- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a d'ullmhaigh an Coiste sin,

- dréacht-Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach, agus

- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a d'ullmhaigh an Coiste sin.

Féadfaidh an Bord freisin cibé athrú a dhéanamh ar na dréacht-Treoirlínte sin, nó dréacht-leasuithe ar Threoirlínte dá leithéid, mar a mheastar cuí.

Ní mór go dtabharfaí an Bord le chéile ceithre huair sa bhliain. Tháinig sé le chéile i láthair den chéad uair in 2020 ar an 2 Márta sular cuireadh tús leis an gceanglas maidir le cruinnithe ó chian go gairid ina dhiaidh sin. Mar sin féin, agus sceideal uaillmhianach dúshlánach á leanúint aige, tháinig an Bord le chéile go cianda ocht n-uair eile i rith na bliana.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD



1



2



3



4



5




6



7



8



9



10



11



12

1. An Breitheamh Onórach  
 Frank Clarke  
 Príomh-Bhreitheamh,  
 Cathaoirleach

2. An Breitheamh Onórach  
 George Birmingham  
 Uachtarán na Cúirte  
 Achomhairc

3. An Breitheamh Onórach  
 Mary Irvine  
 Uachtarán na hArd-  
 Chúirte

4. An Breitheamh Onórach  
 Patricia Ryan  
 Uachtarán na Cúirte  
 Cuarda

5. An Breitheamh Colin Daly  
 Uachtarán na Cúirte  
 Dúiche

6. An Breitheamh Onórach  
 Donal O'Donnell  
 An Chúirt Uachtarach

7. An Breitheamh Onórach  
 Aileen Donnelly  
 An Chúirt Achomhairc

8. An Breitheamh Onórach  
 Michael MacGrath  
 An Ard-Chúirt

9. An Breitheamh John  
 Aylmer  
 An Chúirt Chuarda

10. An Breitheamh Elizabeth  
 MacGrath  
 An Chúirt Dúiche

11. An Breitheamh Onórach  
 William McKechnie  
 An Chúirt Uachtarach

12. An Breitheamh Onórach  
 Peter Kelly  
 Uachtarán na hArd-Chúirte  
 go dtí an 17 Meitheamh 2020

Is é an tUasal Kevin O'Neill  
 an Rúnaí Eatramhach ar  
 Chomhairle na mBreithiúna

Is í Mary Murphy, Uasal an  
 rúnaí ar an mBord.

## AN COISTE UM STAIDÉAR BREITHIÚNACH



1



2



3

1. An Breitheamh Onórach John MacMenamin, Cathaoirleach go dtí Nollaig 2020

2. An Breitheamh Onórach Aileen Donnelly, Cathaoirleach

3. An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty, an Stiúrthóir ar Staidéar Breithiúnach

Foráiltear le hAlt 17 den Acht go mbunófar an Coiste um Staidéar Breithiúnach, a bhfuil sé mar fheidhm aige maoirseacht a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint leanúnach breithiúna.

Tá soláthar clár oiliúna nua-aimseartha lárnach chun a chinntiú gur féidir le baill aon ghairme barr a gcumais a bhaint amach. Sular bunaíodh an Coiste seo, tairgeadh oiliúint bhreithiúnach ach comhdhálacha bliantúla agus seimineáir rialta a reáchtáil agus le cúrsaí a cuireadh ar fáil go seachtrach. Den chuid is mó, ba é an bunús ná gur saineolaí sa réimse é breitheamh, nuair a ceapadh sa ról é, chun gach feidhm bhreithiúnach a chomhlíonadh go dtí go ndeachaigh sé ar scor. Níor chuir an cur chuige seo cosc ar chumas bhreithiúna na hÉireann a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, ná go n-aithnítear go hidirnáisiúnta mar shaineolaithe ar a ngairmeacha iad, ach níl amhras ach go bhfuil athraithe tagtha anois ar an gcur chuige maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Ó bhí 1995 ann, caithfidh iarratasóir ar aon oifig bhreithiúnach gealltanais a thabhairt don Bhord um Cheapacháin na mBreithiúna go ndéanfaidh sé, má cheaptar é, cibé cúrsa oiliúna nó oideachais a leagfaidh an Príomh-Bhreitheamh nó Uachtarán na cúirte ábhartha amach. Cruthaíonn an Coiste um Staidéar Breithiúnach timpeallacht nua anois chun oiliúint agus oideachas breithiúnach a sholáthar.

Tháinig Grúpa Trasdula um Staidéar Breithiúnach, faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Donnelly, le chéile sular bunaíodh an Coiste agus chuir siad dréacht-Téarmaí Tagartha ar fáil don Choiste um Staidéar Breithiúnach, a ghlac an Chomhairle ag a céad chruinniú i mí Feabhra, 2020. Is iad sin:

- (a) riachtanais na mbreithiúna maidir le hoideachas agus oiliúint a aithint agus leanúint de nuashonrú;
- (b) cúrsaí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na mbreithiúna maidir le hionduchtú, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach;
- (c) ionduchtú, oideachas agus oiliúint a sholáthar, nó cuidiú leo, maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna breithiúna a chur i gcrích, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta lena leanas:
  - (i) déileáil le daoine a líomhnaítear go ndearnadh siad coir,
  - (ii) riaradh trialacha ag giúiré in imeachtaí coiriúla,
  - (ii) riaradh trialacha ag breithiúna in imeachtaí sibhialta agus coiriúla,
  - (iv) dlí an Aontais Eorpaigh agus dlí idirnáisiúnta,



- (v) dlí um chearta an duine agus comhionannas,
- (vi) teicneolaíocht faisnéise, agus
- (vii) damáistí a mheas i leith díobhálacha pearsanta,
- (d) ábhair iomchuí a ullmhú agus a dháileadh ar bhreithiúna;
- (e) ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena fheidhmeanna;
- (f) croílúach an neamhspleáchais bhreithiúnaigh in oiliúint agus oideachas breithiúnach a chur chun cinn, a mhíniú agus a chosaint; agus
- (g) cumarsáid a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú le-
  - (i) forais a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna a cheaptar i gcúirteanna in áiteanna seachas an Stát; agus
  - (ii) forais idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna.

### **Tuarascáil an Choiste um Staidéar Breithiúnach in 2020**

Bunaíodh an Coiste seo ar an 10 Feabhra 2020 agus bhí cruinnithe aige naoi n-uaire faoi dheireadh 2020. Is é feidhm ghinearálta an Choiste seo ná soláthar a dhéanamh d'oideachas leanúnach breithiúna. Tugtar aird ar leith air seo in Ailt 7 agus 17 den Acht agus sna Téarmaí Tagartha, mar a leagadh amach thuas.

Cur chuige lárnach maidir le hoiliúint bhreithiúnach go hidirnáisiúnta is ea go gcuireann breithiúna (a mhéid is féidir) oiliúint

ar bhreithiúna. Mheas an Chomhairle go raibh sé chomh tábhachtach sin gur shonraigh siad go mbeadh an Stiúrthóir a cheapfaí ina bhreitheamh reatha a thabharfadh 50% den bhliain oibre don staidéar breithiúnach. I mí Iúil, cheap an Bord an Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty den Ard-Chúirt tar éis próiseas agallaimh iomaíoch. Anuas ar an iarracht a sholáthraíonn coiste an-ghníomhach a dhéanann ionadaíocht do gach dlínse, cruthaíodh cheana féin go bhfuil an ceapachán seo ina phríomhchéim chun riachtanais oiliúna bhreithiúnacha a aithint agus a chomhlíonadh.

Rinne an Stiúrthóir agus an Coiste athnuachan agus neartú ar a rannpháirtíocht le saoráidí oiliúna breithiúnacha idirnáisiúnta agus leanfaidh siad ag cothú na líonraí seo agus ag forbairt comhghuaillithe nua ar fud an domhain chun comhoibriú ar leibhéal domhanda a éascú sna blianta amach romhainn.

Tá plean oibre á fhorbairt ag an Stiúrthóir chun oiliúint bhreithiúnach a sheachadadh sa todhcháí agus anois tá teagmháil rialta aici le coláistí breithiúnacha i dTuaisceart Éireann, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus in Albain, mar aon leis an Líonra Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach. Ina céad bhliain, dhírigh sí ar shaincheisteanna práinneacha lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Rinne an Coiste anailís ar riachtanais oiliúna na mbreithiúna. Thug formhór mór na mbreithiúna freagra ar shuirbhé ar na breithiúna ar fad, agus d'fhreagair go leor acu go mion maidir le hábhar tosaíochta na gclár oiliúna agus an modh seachadta. Chuir formhór

na mbreithiúna in iúl go raibh siad toilteanach ní amháin oiliúint a fháil ach dul faoi oiliúint bhreise (cibé acu laistigh nó lasmuigh d'uaireanta oibre) d'fhonn oiliúint daoine eile a éascú agus a fhorbairt. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé bonn eolais ar fáil faoi oiliúint sa todhchaí agus déanfar an anailís riachtanas a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

2. Cuireadh oiliúint ionductaithe tiomnaithe ar fáil do gach breitheamh nuacheaptha, a chuir béim ar iompar agus ar eitic, arna seachadadh ag an Stiúrthóir. Rinneadh é seo i gceardlanna ar líne ar bhonn indibhidiúil agus le grúpaí breithiúna eile. Leathnófar le seachadadh oiliúna den saghas seo i stíl cheardlainne ar iompar agus eitic do bhreithiúna reatha le linn 2021.
3. Aithníodh soláthraí oiliúna meantóireachta tar éis próiseas earcaíochta. Cuireadh tús le hoiliúint mheantóireachta agus ghlac breithiúna ó gach dlínse céadchéime páirt sa phróiseas seo. Éascóidh sé seo meantóireacht agus oiliúint 'faoi stiúir breithiúna', ó 2021, do bhreithiúna nuacheaptha. Neartóidh an clár ábhar na gceardlann ar iompar breithiúnach agus eitic.



4. Is tosaíocht don Stiúrthóir agus don Choiste iad moltaí an Ollaimh Tom O'Malley ina "Athbhreithniú ar Chosaintí d'Fhinnéithe Soghonta in Imscrúdú agus Ionchúiseamh Cionta Gnéasacha". Cuirfear an oiliúint a mholtar ann do na breithiúna ar fáil do ghrúpaí píolótacha faoi dheireadh 2021. Ina thaobh seo, chuaigh an Stiúrthóir i mbun comhairliúchán le POF Ionad Éigeandála Bhaile Átha Cliath um Éigniú agus tá rún aici an oiliúint a dhearadh i gcomhairle le coláistí breithiúnacha idirnáisiúnta.
5. D'fhreastail an Stiúrthóir ar chúrsaí ar leith maidir le digitiú na hoiliúna do na breithiúna agus bhí sí féin agus an Coiste i dteagmháil rialta le breithiúna i dTuaisceart Éireann, i Sasana agus in Albain de réir mar a thug gach dlínse aghaidh ar na dúshláin a bhaineann lenár gcleachtais chúirte a athrú chun éisteachtaí fíorúla a chumasú.

### Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:

- An Breitheamh Onórach John MacMenamin, (Cathaoirleach go dtí an 9 Nollaig)
- An Breitheamh Onórach Aileen Donnelly, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty, an Stiúrthóir ar Staidéar Breithiúnach
- An Breitheamh Onórach Niamh Hyland
- An Breitheamh Mary O Malley Costello
- An Breitheamh Marie Quirke

## AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA



*An Breitheamh Onórach  
Mary Irvine,  
Cathaoirleach an Choiste  
um Threoirlínte maidir le  
Díobhálacha Pearsanta*

Nuair a bunaíodh é, ba é príomhfheidhm an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ná dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna. Nuair a dhéanann an Bord athbhreithniú orthu, nuair a dhéanann Comhairle na mBreithiúna iad a ghlacadh agus nuair a chuirtear tús leo faoi théarmaí an Achta, tá oibleagáid ar chúirt aird a thabhairt ar na Treoirlínte agus damáistí i leith díobhálacha pearsanta á meas aici. Mar sin, cuirtear na Treoirlínte in ionad an Leabhair Chandaim. Leagtar amach san Acht dátaí éagsúla nár mhór don Choiste, don Bhord agus don Chomhairle a bhaint amach maidir leis na Treoirlínte a dhréachtú, a cheadú agus a ghlacadh.

Bhí ar an gCoiste de réir Alt 90 den Acht aird a thabhairt ar roinnt nithe agus na Treoirlínte á n-ullmhú, lena n-áirítear:-

- leibhéal na ndamáistí a dhámhfhadh cúirteanna in Éirinn ar dhíobhálacha pearsanta agus cibé áit lasmuigh d'Éirinn a mheasann an Coiste a bheith ábhartha
- prionsabail chun damáistí i leith díobhálacha pearsanta a mheas agus a dhámhachtain arna gcinneadh ag an Ard-Chúirt, ag an gCúirt Achomhairc agus ag an gCúirt Uachtarach
- treoirlínte a bhaineann le rangú

díobhálacha pearsanta

- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i leibhéal na ndamáistí a dhámhtar ar dhíobhálacha pearsanta

Saincheist thábhachtach a bhí ag an gCoiste agus na Treoirlínte á n-ullmhú aige ná catagóirí damáistí a mholadh a bheadh cóir don ghearánaí (agus é ina pháirtí díobhálaíthe) agus don chosantóir. Rinne an Coiste, ar a raibh seachtar breithiúna, a ról a chomhlíonadh go docht lena oibleagáidí reachtúla agus rinne sé é sin saor ó thionchar aon ghrúpaí leasa.

### Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2020

D'ainmnigh Comhairle na mBreithiúna ag a céad chruinniú an 28 Aibreán 2020 mar an dáta chun an Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a bhunú agus ba é an 9 Nollaig, de bhun an Achta, an spriocdháta chun na dréacht-Treoirlínte a chur faoi bhráid an Bhoird.

Mar aitheantas ar mhéid an tionscadail a bhí roimh an gCoiste agus don tréimhse reachtúil réasúnta gearr, i mí na Nollag 2019 léirigh an Príomh-Bhreitheamh, tar éis dul i gcomhairle leis an gceathrar Uachtarán Cúirte, ainmneacha na mBreithiúna a raibh sé beartaithe aige a ainmniú don Choiste. Chuir sé seo ar chumas na mBreithiúna sin obair an Choiste a phleanáil agus tús a chur léi go pointe áirithe sular bunaíodh é in Aibreán 2020.

Tháinig an Coiste ainmnithe le chéile roinnt uaireanta agus nuair a bunaíodh é, tháinig an Coiste reachtúil le chéile naoi n-uaire idir

bunú agus soláthar na ndrucht-Treoirlínte don Bhord. Chuaigh an Coiste i dteagmháil le hárachóirí agus slánaitheoirí in Éirinn, leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus le breithiúna ar fud na hEorpa. Bhain sé leas freisin as taighde dlí ar conradh, comhairle dlí agus anailís eacnamaíoch agus staidrimh. Chuir an Coiste na drucht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna ar an 9 Nollaig 2020 de bhun Alt 18 (4) den Acht arna leasú, rud a chuir a chuid oibre i gcrích ar an drucht seo.



Bhí tuarascáil fhairsing ag gabháil leis na drucht-Treoirlínte a thug breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an Choiste agus an mhodheolaíocht agus na próisis a leanadh agus cinneadh á dhéanamh ar an leibhéal cuí dámhachtainí in Éirinn. Tá an tuarascáil sin, a chuimsíonn sonraí faoi ghníomhaíochtaí bliantúla an Choiste a bhfuil gá leo de réir an Achta dá thuirsciú bliantúil, ar fáil ag [judicialcouncil.ie/news](http://judicialcouncil.ie/news) (6th March 2021). Chun críche na Tuarascála Bliantúla seo, tá achoimre anseo ar na gníomhaíochtaí sin.

Thug an Coiste faoi thaighde ar an dlí ar dhamáistí agus ar leibhéal na ndamáistí le dámhadh i leith díobhálacha pearsanta i líon suntasach dlínsí. Thug an Coiste aird

go háirithe ar leibhéal na ndámhachtainí i dTreoirlínte a úsáideann breithiúna i ndlínsí eile. De bhun an taighde seo, d'aontaigh an Coiste d'aon toil foirm agus ábhar na dTreoirlínte a mhol sé.

Socraíodh gurb é catalóg díobhálacha an fhoirm is inrochtana agus is iomchuí do na Treoirlínte. Cuimsíonn an chatalóg a moladh liosta díobhálacha, idir na cinn is mó agus na cinn is lú, agus sannadh réimse nó lúbín do gach ceann díobh ar cheart dámhachtain a bheith laistigh de ghnáth. I gcásanna aonair nuair a bhíonn na fíricí eisceachtúil agus gur gá imeacht ón lúbín treoraithe, féadfaidh an chúirt imeacht ón lúbín treoraithe, ar choinníoll go dtugtar údar leis an gcinneadh mar a leagtar amach in alt 22 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.

In iarracht treoir mhaith a sholáthar do bhreithiúna ceannais agus dámhachtainí comhsheasmhacha a thabhairt, rinne an Coiste iarracht a chinntiú nach mbeadh na lúbíní damáistí ró-leathan agus go sainmhíneofaí na díobhálacha i ngach lúbín chomh beacht agus is féidir maidir le nádúr, déine agus fad. Ina theannta sin, agus na Treoirlínte á dtiomsú, rinne an Coiste iarracht lúbíní dámhachtana a cheapadh nach bhfuil cothrom ach amháin don éilitheoir agus don chosantóir araon ach atá cóir agus iomchuí freisin i bhfianaise dámhachtainí a dhéantar i gcásanna eile, go háirithe an tsuim a bhronntar ar éilitheoirí a gortaíodh go tubaisteach.

Ní amháin go léiríonn na Treoirlínte athrú ar an mbealach a mbronntar damáistí ginearálta i gcásanna díobhála pearsanta ach i leibhéal na ndamáistí sin freisin. Agus é ag teacht ar a chonclúidí, bhí tionchar mór ag taighde an

Choiste ar an mbealach ar dámhadh damáistí as díobhálacha pearsanta i dTuaisceart Éireann agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Agus, mar thoradh ar na Treoirlínte, is dócha go bhfuil sé cóir a rá go mbeidh laghdú ar dhámhachtain damáistí ginearálta i leith díobhálacha níos lú agus meánmhéide i gcásanna a mbeidh feidhm ag na Treoirlínte iontu, agus gheobhaidh na daoine a gortaítear go tubaisteach ardú measartha ina dteidlíocht.

Roimhe seo, bhí ar bhreithiúna aird a thabhairt ar an Leabhar Candaim agus damáistí ginearálta á ndámhachtain i gcásanna díobhála pearsanta. De bhun alt 22 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004 (arna leasú le halt 99 den Acht), beidh oibleagáid ar na cúirteanna aird a thabhairt ar na Treoirlínte in ionad an Leabhair Chandaim a luaithe a chuirfear tús le halt 99. Tabharfar faoi deara go bhfuil catagóirí na ndíobhálacha sna Treoirlínte i bhfad níos mionsonraithe agus níos fairsinge ná iad siúd dá bhforáiltear sa Leabhar Candaim agus moladh lúibíní damáistí do gach catagóir den sórt sin. Ba cheart go mbeadh sé i bhfad níos éasca do bhreithiúna ceannais an tsuim a bheadh ina dámhachtain chóir a mheas i ngach cás.

Tá sé tábhachtach freisin go leagann na Treoirlínte amach i dtéarmaí soiléire gan athbhrí conas ba chóir do bhreitheamh trialach dul i mbun dámhachtain damáistí a dhéanamh i gcás a bhaineann le díobhálacha iomadúla.

Tá súil ag an gCoiste go mbeidh roinnt buntáistí tánaisteacha ag an treoir fheabhsaithe a sholáthraítear sna Treoirlínte. Agus níos mó cinnteachta ann maidir leis

an méid a dhámhfaí ar dhamáistí ginearálta dá dtabharfaí caingean chun trialach, ba cheart go socrófaí níos mó cásanna go luath, buntáiste suntasach do gach éilitheoir. Agus, ba cheart go laghdódh an líon méadaithe socruithe luatha costais dlí éilitheoirí agus cosantóirí araon.

Ceanglaítear leis an Acht ar an mBord, tar éis dó na dréacht-Treoirlínte a fháil, na dréacht-Treoirlínte a mheas agus a sheoladh ar aghaidh, le modhnuithe nó gan iad, lena nglacadh ag Comhairle na mBreithiúna.

Faoi dheireadh, ceanglaítear ar an gCoiste na Treoirlínte a athbhreithniú ó am go chéile de réir Alt 18 (5) den Acht agus ceanglaítear air faoi Alt 18 (11) tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle lena cur san áireamh ina tuarascáil bhliantúil. Seo í an tuarascáil a ullmhaíodh d'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

### **Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta:**

- An Breitheamh Onórach Mary Irvine, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach Seamus Noonan
- An Breitheamh Onórach Michael MacGrath
- An Breitheamh Onórach Senan Allen
- An Breitheamh Jacqueline Linnane
- An Breitheamh Seán Ó Donnabháin
- An Breitheamh Brian O'Shea

## AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS



*An Breitheamh Onórach  
Iseult O'Malley,  
Cathaoirleach an Choiste  
um Threoirlínte maidir le  
Pianbhreitheanna agus  
Eolas*

Bunaíodh an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas ar an 30 Meitheamh 2020 agus ba é sin an dáta a d'ainmnigh Comhairle na mBreithiúna. Tá 13 chomhalta air san iomlán, ó 2 chatagóir; ochtar breithiúna arna n-ainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh a dhéanann ionadaíocht do gach dlínse agus cúigear comhaltaí tuata arna gceapadh ag an Rialtas agus a bhíonn ar an gCoiste ar feadh téarma ceithre bliana. Tá na sonraí ar fad maidir le ballraíocht an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas leagtha amach ar leathanach 24.

Is iad feidhmeanna an Choiste de bhun Alt 23 den Acht ná:

- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle chun a n-athbhreithnithe
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na dTreoirlínte maidir le Pianbhreithe
- eolas faoi phianbhreitheanna arna bhforchur ag na Cúirteanna a thiomsú ar cibé modh is cuí leis, agus

- an t-eolas sin a scaipeadh ó am go chéile ar bhreithiúna agus ar dhaoine nach breithiúna iad.

A luaithe a ghlacann Comhairle na mBreithiúna Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna, ní mór do chúirt aird a thabhairt ar aon treoirlínte ábhartha agus pianbhreith á gearradh aici ach amháin sa chás go meastar go mbeadh sé malartach do leasanna an chirt. I gcás den sórt sin, caithfidh an chúirt a cúiseanna a thabhairt.

Is leathan an réimse tosca a chaithfidh an coiste a mheas, ina measc:

- pianbhreitheanna a ghearrann na cúirteanna faoi láthair,
- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i bpianbhreitheanna,
- tionchar chinntí na gcúirteanna a bhaineann le pianbhreitheanna ar íospartaigh na gcionta lena mbaineann,
- an gá le muinín an phobail sa chóras dlí coiriúil a chur chun cinn,
- na costais a bhaineann le cineálacha éagsúla pianbhreithe a fhorghníomhú agus a n-éifeachtacht choibhneasta maidir le hathchiontú a chosc.

Tá spéis agus saineolas faoi leith ag na breithiúna a ainmníodh ar an gCoiste maidir le pianbhreitheanna a ghearradh. Déanann na baill tuata a gcuid saineolais a fheabhsú, agus is é an Rialtas a cheap na baill seo i mí Iúil 2020 tar éis moltaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Agus duine á cheapadh le bheith ina bhall den Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, b'éigean don Rialtas a bheith sásta go bhfuil taithí agus eolas i measc na mball

maidir le:

- ionchúiseamh imeachtaí coiriúla,
- cosaint imeachtaí coiriúla,
- póilíneacht,
- riar an chirt,
- beartas maidir le pianbhreitheanna,
- leas íospartaigh coireachta a chur chun cinn,
- staidéar acadúil nó taighde a bhaineann le dlí coiriúil nó le coireolaíocht,
- úsáid staitisticí, agus
- ciontóirí a athshlánú.



### **Tuarascáil an Choiste um Threoirínite maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas in 2020**

Tar éis a chomhaltaí a cheapadh i mí Iúil 2020, tháinig an Coiste le chéile ceithre huairé roimh dheireadh na bliana.

Is suntasach cúram forais um threoirínite maidir le pianbhreitheanna, mar is léir ó na hacmhainní fairsinge a leithdháiltear ar fhorais

den sórt sin i ndlínsí inchomparáide, agus beidh taighde leanúnach ag teastáil. Ag a chruinnithe tosaigh rinne an Coiste breithniú ar scóip agus méid a shainchúram reachtúil, agus d'aithin sé tosaíochtaí dá chuid oibre. Aontaíodh, i bhfianaise na heaspa eolais chórasaigh faoi phianbhreitheanna in Éirinn, gurbh é córas nó córais iomchuí a roghnú le húsáid chun sonraí a bhailiú ar bhonn leanúnach ar cheann de na chéad tosaíochtaí.

Dá réir sin, aontaíodh go gcaithfí taighde a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí mar réamhchéim chun sonraí den sórt sin a bhailiú. Cruthaíodh fochoiste ar a raibh an Breitheamh Murphy, an Dr Ring agus an Dr Griffin chun téarmaí iarratais ar thairiscint a aithint agus rinne an Chomhairle iarracht foireann taighde a fháil agus a chonradh agus d'fhógair sé do thaighdeoirí i mí na Nollag 2020. Thairg an fochoiste taighde bunaidh a choimisiúnú chun anailís a sholáthar ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana féin ar bhailiú sonraí maidir le pianbhreitheanna in Éirinn, chomh maith le meastóireacht ar fhóntas na modheolaíochtaí a úsáidtear i ndlínsí eile. Ina theannta sin lorg an tionscadal taighde moltaí maidir le bailiú agus anailísiú sonraí arna dtreorú ag deachleachtas modheolaíoch. Meastar go gcuirfí an tionscadal seo i gcrích laistigh de 6 mhí ón dáta a mbronntar an tairiscint go foirmiúil.

Chuir an Coiste tábhacht shuntasach ar phleanáil a thionscadail oibre sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus mheas sé díriú ar roinnt ábhar scoite ina chlár tosaigh don bhliain amach romhainn, a d'fhéadfaí a dhéanamh agus an taighde ar conradh ar siúl.

Machnaíodh ar chineálacha éagsúla cur

chuiqe chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh lena n-áirítear comhthiomsú na dlí-eolaíochta atá ann cheana maidir le pianbhreitheanna a ghearradh.

Chinn an Coiste dul i mbun teagmhála le baill aonair de na breithiúna in 2021 agus a dtuairimí a lorg ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le treoirínite maidir le pianbhreitheanna a ullmhú.

Meastar go bhfoilseoidh an Coiste nuashonruithe ar a chuid oibre de réir mar a théann sé ar aghaidh agus go gcuirfidh sé rochtain ar a thaighde ar fáil. Chun na críche seo, déanfar suíomh gréasáin Chomhairle na mBreithiúna a oiriúnú chun rochtain éasca a sholáthar don phobal ar an eolas seo.

### **Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:**

- An Breitheamh Onórach Peter Charleton
- An Breitheamh Onórach Iseult O'Malley (Cathaoirleach)
- An Breitheamh Onórach John Edwards
- An Breitheamh Onórach Paul Coffey
- An Breitheamh Onórach Tara Burns
- An Breitheamh Rory MacCabe
- An Breitheamh Melanie Greally
- An Breitheamh Paula Murphy
- An tUasal Vivian Geiran
- An Dr Diarmuid Griffin
- An tUasal Michael O'Sullivan
- Marianne O'Kane, Uasal
- An Dr Sinéad Ring





## AN COISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH



*An Breitheamh Onórach  
Frank Clarke, Príomh-  
Bhreitheamh,  
Cathaoirleach an  
Choiste um Iompar  
Breithiúnach*

Is é feidhm an Choiste um Iompar Breithiúnach ná ardchaighdeán iompair a chur chun cinn agus a choinneáil i measc breithiúna, ag féachaint do phrionsabail an iompair bhreithiúnaigh a éilíonn ar bhreithiúna neamhspleáchas, neamhchlaontacht, ionracas, cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis), inniúlacht agus dícheall breithiúnach a léiriú agus a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine os comhair na gcúirteanna.

Déanfaidh an Coiste um Iompar Breithiúnach:

- dréacht-treoirínite maidir le hiompar breithiúnach agus eitic, lena n-áirítear treoir amháil nuair ba cheart do bhreitheamh smaoineamh ar é nó í féin a scaoileadh óna bheith i gceannas ar imeachtaí dlí, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a athbhreithnithe tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis a bhunaithe, dá nglacadh ag an gComhairle,
- gearáin a mheas agus iad a tharchur lena réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó tabhairt faoi imscrúduithe ar iompar breithiúna aonair de réir Chuid 5 den Acht,
- cibé beart a ghlacadh, más ann dó, de réir na Coda sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun riar an chirt a chosaint,

cibé acu mar thoradh ar bhreithniú ar ghearán agus a atreorú le réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú a dhéanamh de réir Chuid 5 nó eile,

- treoirínite a ullmhú agus a fhoilsiú lena ndéantar foráil maidir le gearáin a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil a chinnfear a bheith inghlactha faoin gCuid seo.

D'fhéadfadh sé freisin:

- dréacht-leasuithe ar Threoirínite maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe, dá thoil féin nó ar iarratas ón mBord nó ón gComhairle, agus
- cibé comhairle agus moltaí a sholáthar do bhreitheamh aonair nó do bhreithiúna go ginearálta ar iompar breithiúnach agus ar eitic mar is cuí leis.

Tá 13 bhreitheamh ar an gCoiste agus leagann an tAcht an bunús atá lena gceapachán amach:

- Is comhaltaí *ex officio* iad an Príomh-Bhreitheamh agus na ceithre Uachtarán Cúirte,
- Thogh na breithiúna triúr breithiúna as ballraíocht na Comhairle i Meitheamh 2020,
- D'ainmnigh an Rialtas cúigear ball tuata ar an gCoiste i mí Iúil 2020.

Mairfidh gach téarma ballraíochta tofa agus tuata ar feadh thréimhse 4 bliana. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an Bhoird leagtha

amach ar leathanach 27. Is é an Rialtas a cheap na baill thuata tar éis moltaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Agus duine á cheapadh le bheith ina bhall den Choiste um Iompar Breithiúnach, b'éigean don Rialtas a bheith sásta go bhfuil taithí agus eolas i measc na mball maidir le:

- caighdeán a choinneáil i ngairmeacha arna rialáil ag foras reachtúil nó foras eile,
- déileáil le gearáin a dhéantar i gcoinne gairmithe den sórt sin,
- idirghabháil nó meicníochtaí malartacha eile chun díospóidí a réiteach,
- riar an chirt, agus
- bainistíocht agus soláthar seirbhísí don phobal.

### **Tuarascáil an Choiste um Iompar Breithiúnach in 2020**

Bunaíodh an Coiste seo ar an 30 Meitheamh 2020 agus tháinig sé le chéile den chéad uair i mí Iúil 2020. Tar éis a dhara cruinniú i mí Mheán Fómhair, bunaíodh trí fhochoiste, gach ceann acu dírithe ar dhéileáil le gné

ar leith den réisim iompair nuair a cuireadh i bhfeidhm é. Ba é an rún a bhí ann ná go dtiocfadh dréachtcháipéis ó gach fochoiste lena bhreithniú ag an gcoiste iomlán.

Dhéileáil fochoiste ar a raibh An Breitheamh Onórach Ryan, an Breitheamh Mitchell, Bean Archbold, Uasal agus an tOllamh Conrick le Treoirínte maidir le hIompar Breithiúnach agus Eitic a dhréachtú lena n-áirítear treoir maidir le scaoileadh ó chásanna.

D'ullmhaigh an dara fochoiste ar a raibh an Breitheamh Onórach Birmingham, an Breitheamh Nolan agus an tUasal Doyle nósanna imeachta maidir le gearáin a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil.

Rinne an tríú fochoiste breithniú agus dréachtú ar nósanna imeachta maidir le gearáin. Tá an Breitheamh Onórach Meenan, an Breitheamh Daly, an tUasal Coughlan agus an Dr McCartan i mbun oibre sa réimse seo.

Bhí dul chun cinn maith déanta ag na trí shruth oibre faoi dheireadh na bliana le pleananna go dtiocfadh an Coiste iomlán le chéile arís faoi Ráithe 1 de 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair gach fochoiste ag an bpointe sin.





Meastar go gcuirfear dréacht-Treoirlínte ar Eitic agus Iompar Breithiúnach faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna laistigh den chreat ama reachtúil.

Tá oibleagáid ar an gCoiste um Iompar Breithiúnach de bhun Alt 87 an tuarascáil seo ar a ghníomhaíochtaí a chur isteach gach bliain. Ní mór go gcuirfí an t-eolas seo a leanas san áireamh sa tuarascáil i dtaca leis an tréimhse ábhartha:

- (a) líon na ngearán a fuarthas,
- (b) líon na ngearán a chinn an Cláraitheoir a bheith inghlactha,
- (c) líon na ngearán a measadh, agus líon na ngearán a chinn an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin a bheith inghlactha,
- (d) líon na ngearán a réitíodh ar bhealach neamhfhoirmiúil de réir Chaibidil 4,
- (e) líon na n-imscrúduithe a tionscnaíodh de bhun atreoraithe faoi Alt 59,
- (f) líon na n-imscrúduithe a rinne painéal fiosrúcháin faoin gCuid seo ar ghearáin nó a lean atreorú faoi alt 59,
- (g) líon na ngearán a mheas an Coiste um

Iompar Breithiúnach nár cruthaíodh,

- (h) líon na gcinntí a rinne an Coiste um Iompar Breithiúnach faoi Alt 71 (5) nó 79,
- (i) líon na mBreithiúna a thoiligh le hiomarduithe a eisiúint dóibh de réir Alt 58 nó 73, agus
- (j) líon na ngearán a aistarraingíodh sna cúinsí dá dtagraítear in Alt 57 nó 74.

Ní féidir tús a chur leis an réisim um Iompar Breithiúnach go dtí go ndéanfaidh Comhairle na mBreithiúna na Treoirlínte um Iompar Breithiúnach agus Eitic a thabhairt chun críche agus a ghlacadh agus ansin féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt tús a chur leis na hait ábhartha den Acht. Sna cúinsí sin, ní thagann aon sonraí faoi na catagóirí (a) go (j) thuas do 2020.

### **Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:**

- An Breitheamh Onórach Frank Clarke, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach George Birmingham
- An Breitheamh Onórach Mary Irvine
- An Breitheamh Onórach Patricia Ryan
- An Breitheamh Colin Daly
- An Breitheamh Onórach Charles Meenan
- An Breitheamh Martin E. Nolan
- An Breitheamh Alan Mitchell
- An tUasal Kieran Coughlan
- Claire Archbold, Uasal
- An tOllamh Maeve Conrick
- An tUasal Patrick Doyle
- An Dr Bernard McCartan

## NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH

---

### Tacaíocht agus Leas

Príomhghné d'aon ghairm is ea infhaighteacht agus soláthar feidhmeanna tacaíochta gairmiúla agus pearsanta ar bhonn indibhidiúil agus do ghrúpaí. Maidir leis sin, foráiltear san Acht go mbunófar cúig Choiste reachtúla um Thacaíocht Bhreithiúnach, ceann amháin do gach dlínse. Tá sé i gceist go dtabharfaidh gach coiste, ar a bhfuil breitheamh arna thoghadh ag a c(h)omhghleacaithe, comhairle agus cúnaimh don Chomhairle ó thaobh a ndlínse cúirte faoi seach.

D'fhonn an fheidhm tacaíochta sin a fhorlónadh agus foráil a dhéanamh do bhéim shonrach ar leas, bhunaigh an Chomhairle Coiste Leasa agus Tacaíochta tras-dlínse ag a céad chruinniú. Tá breitheamh ó gach ceann de na cúig dhlínse ar an gCoiste agus

oibreoidh an Coiste chun soláthar a dhéanamh do leas breithiúnach agus chun cabhrú leis.

Níor thosaigh na coistí ag cruinniú go fóill.

### Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

Deirtear in Alt 30 (3) den Acht gurb é feidhm Choiste um Thacaíocht Bhreithiúnach ná comhairle agus cúnaimh a thabhairt don Chomhairle agus í ag comhlónadh a feidhmeanna faoin Acht seo sa mhéid go mbíonn baint ag cúrsaí atá ábhartha don chúirt agus a bhfuil baint ag an gCoiste leis na cúrsaí sin.

Dáta bunaithe na gcúig choiste: an 31 Márta 2020



---

Ar gach ceann de na coistí dlísiúla tá (i) an tUachtarán dlínse agus (ii) an ball/na baill t(h) ofa ón dlínse sin. I dtaca le toghcháin a bhí ar siúl, toghadh na breithiúna seo a leanas ar feadh théarma ceithre bliana:

- (i) **An Chúirt Uachtarach**  
An Breitheamh Onórach Elizabeth Dunne
- (ii) **An Chúirt Achomhairc**  
An Breitheamh Onórach Maurice Collins
- (iii) **An Ard-Chúirt**  
An Breitheamh Onórach Robert Eagar agus an Breitheamh Onórach Niamh Hyland
- (iv) **An Chúirt Chuarda**  
An Breitheamh Tom O'Donnell agus an Breitheamh Eoin Garavan
- (v) **An Chúirt Dúiche**  
An Breitheamh John Coghlan agus an Breitheamh Marie Keane

### **An Coiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht - a bunaíodh de bhun Alt 7 (3) (a)**

Féadfaidh Comhairle na mBreithiúna coistí a bhunú chun cabhrú lena feidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad Téarmaí Tagartha an Choiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht mar a glacadh iad ag an gcéad chruinniú de chuid Chomhairle na mBreithiúna ar an 7 Feabhra 2020 ná cúnaimh agus comhairle a thabhairt do Chomhairle na mBreithiúna agus í ag comhlíonadh a feidhme mar a leagtar amach in Alt 7 (2) (l) den Acht chun cabhrú le tacaíocht a sholáthar do bhreithiúna i gcoitinne.

Tá cúigear breitheamh ar an gCoiste agus is é an Príomh-Bhreitheamh a ainmníonn iad mar seo a leanas:

1. **An Chúirt Uachtarach**  
An Breitheamh Onórach Marie Baker
2. **An Chúirt Achomhairc**  
An Breitheamh Onórach Caroline Costello
3. **An Ard-Chúirt**  
An Breitheamh Onórach Garrett Simons
4. **An Chúirt Chuarda**  
An Breitheamh Karen O'Connor
5. **An Chúirt Dúiche**  
An Breitheamh John Brennan

Is é an téarma oifige do bhall an Choiste um Thacaíocht agus Leas ná ceithre bliana.

## AG BREATHNÚ AR AGHAIDH GO 2021

---

Agus Comhairle na mBreithiúna ag bogadh ar aghaidh go 2021, is bunchloch slán iad na príomhéachtaí a baineadh amach in 2020 d'obair na Comhairle amach anseo. Maidir le hoibleagáidí reachtúla na Comhairle, tagann na Treoirínte maidir le Díobhálacha Pearsanta os comhair chomhaltaí na Comhairle, a luaithe a cheadaíonn an Bord iad, den chéad uair lena mbreithniú ag a cruinniú i mí Feabhra 2021. Is é an 31 Iúil 2021 an dáta is déanaí chun na treoirínte sin a ghlacadh.

Tabharfaidh an Coiste um Iompar Breithiúnach na Treoirínte maidir le hlompar Breithiúnach agus Eitic, ar cuireadh tús lena ndruchtú in 2020, chun críche agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird iad lena mbreithniú faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2021. Tabharfar ar aghaidh na tacaíochtaí a theastaíonn chun tús a chur leis an gcóras gearán, lena n-áirítear córas bainistíochta cásanna a fhorbairt, mar aon leis na próisis agus na nósanna imeachta is gá a fhorbairt faoin Acht. Sa deireadh, éascóidh sé seo oibriú réisim na ngearán ag an gCláráitheoir, an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearán, painéil fiosrúcháin agus an Coiste um Iompar Breithiúnach féin, chomh maith le foráil a dhéanamh d'aon ghearán a réiteach go neamhfhoirmiúil.

Táthar ag súil le dul chun cinn suntasach in 2021 maidir leis an gclár uailmhianach atá á fhorbairt ag an gCoiste um Staidéar Breithiúnach agus ag an Stiúrthóir. Go hachomair: earcóidh an Chomhairle speisialtóir oideachais agus oiliúna chun tacú leis an Stiúrthóir agus an clár á sheachadadh aici; cuirfear oiliúint ar na chéad bhreithiúna Éireannacha chun oideachas agus oiliúint a chur ar a gcomhghleacaithe agus ar a bpiaraí, agus is traenáilte breithiúnacha a bhfuil taithí acu a chuirfidh an oiliúint seo ar fáil; cuirfidh an Coiste moltaí Athbhreithniú O'Malley i bhfeidhm; forbróidh an Coiste agus an Stiúrthóir a gcomhoibriú le comhghleacaithe idirnáisiúnta agus le forais oiliúna breithiúnaí ar fud an domhain; cuirfear

an chéad oiliúint bhreithiúnachta in Éirinn ar fáil do bhreithiúna Éireannacha; leanfar le cúrsaí ionductaithe, le fócas ar eitic, agus leathnófar oiliúint ar iompar breithiúnach chuig breithiúna i ngach dlínse; leanann breithiúna orthu ag meantóireacht ar chomhghleacaithe agus leagann siad béim ar na caighdeáin eiticiúla a theastaíonn uathu siúd atá in oifig; déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar threoirínte trína bhfaigheann breithiúna maoiniú don oideachas, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Bainfidh an Coiste um Pianbhreitheanna tairbhe as an gconclúid a cuireadh ar phróiseas tairisceana le haghaidh taighde a thosaigh in 2020 agus as tuarascálacha eatramhacha a fuair sé i rith na bliana. Tá an tionscadal taighde seo dírithe ar mhodhanna bailithe sonraí a bhaineann le pianbhreitheanna a ghearrann na cúirteanna agus tá sé rithabhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh ar obair an Choiste. Cuideoidh sé go mór lena phleanáil agus tabharfaidh sé treo fóna don mhodheolaíocht a leanfaidh sé sna blianta amach romhainn. Forbróidh an Coiste a chéad phlean oibre freisin agus sainaitheoidh sé tionscadail phíolótacha ar féidir tús a chur leo in 2021 sula gcuirfear an tionscadal taighde i gcrích.

I bhfeidhmeanna tacaíochta na Comhairle beidh earcú foirne, forbairt ar fheidhm neamhspleách TFC agus bailchríoch á cur ar shocruithe cóiríochta don fhoireann agus don oiliúint bhreithiúnach. Beidh fócas ar leith ar rialachas láidir agus ar chomhlíonadh lárnach do chuspóirí 2021.

Mar fhocal scoir, níl aon amhras ach go mbeidh dlúthchaidreamh oibre idir an Chomhairle agus an tSeirbhís Cúirteanna sa todhchaí agus aird á tabhairt ar fheidhmeanna an dá fhoras. Tá an Chomhairle ag tnúth le bealach roinnte chun tosaigh a leagan amach d'fhonn a mhór a dhéanamh d'acmhainní an dá fhoras agus barr feabhais breithiúnach á sholáthar.



